




Gaelscoil Thulach na nÓg

Plean scoile tíreolaíochta

Creatlach Pleanála: Tíreolaíocht

■ Teideal

Seo plean scoile le haghaidh an Tíreolaíochta i nGaelscoil Thulach na n-Óg. I nGaelscoil Thulach na n-óg, tá seacht múinteoirí ranga, príomhoide, múinteoir tacaíocht foghlamtha lánaimseartha, múinteoir tacaíocht foghlamtha roinnte (lonnaithe sa scoil náisiúnta i gCill Bhríde) agus múinteoir cabhair ranga.

■ Réamhráiteas

(a) Réamhráiteas

Bhí sé mar post freagrach ag Adrian an plean staire a dhreachtú. Déantar plé leis an príomhoide agus na múinteoirí ar an slí chun an plean tíreolaíochta a leagan amach. Tar éis dreachtú a dhéanamh ar an plean tíreolaíochta, tháinig na múinteoirí le chéile chun an plean scoile a chur le chéile. Ar an / / , tháinig , , , , , , , le chéile chun an plean scoile a chur le chéile. Bhí an dréacht seo curtha ós comhair an bord bainistíochta agus glactar leis mar an plean scoile don tíreolaíocht ar an / / .

(b) Réasúnaíocht

Tá gá leis an bplean seo:

- chun tairbhe múinteoireachta agus foghlama in ár scoil
- chun cloí le prionsabail atá breactha síos sa churaclam bunscoile maidir leis an tíreolaíocht
- chun chur ar chumas an pháiste eolas, scileanna agus dearcadh a shealbhú i dtreo go sathrófar tuiscint eolach chriticiúil ar shaincheisteanna sóisialta, imshaoil agus eolaíochta
- chun eolas agus tuiscint a fhorbairt ar imshaoil áitiúla agus réigiúnacha agus ar chinn níos fairsinge agus ar a gcomhghaolta
- chun forbairt dearctha chásmhair agus iompair stuama i leith an imshaoil mar aon le páirtíocht in aithint, plé agus réiteach nó seachaint fadhbanna imshaoil a spreagadh
- chun eolas agus tuiscint a fhorbairt ar imshaoil nádúrtha agus daonna sa dúiche máguaird, sa réigiún, in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan
- chun staidéar a dhéanamh ar thionchar tosca imshaoil ar shaol daoine sa dúiche máguaird agus i gceantair eile, i dtreo go n-éireodh leis/léi tuiscint a fháil ar roinnt de na bealaí ina n-úsáideann, ina modhnaíonn agus ina dtéann daoine i gcion ar a n-imshaoil
- chun foghlaim gur gá do dhaoine acmhainní nádúrtha agus daonna an Domhain a roinnt lena chéile, a úsáid go tuisceanach agus a chaomhnú má tá an bheatha le bheith ann go buan

■ Fís agus Aidhmeanna

(a) Fís

Táimid ag iarraidh cabhrú leis na páistí sa scoil againn chun deiseanna a chur ar fáil don pháiste na diminsiúin nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha den imshaol áitiúil agus d'imshaoil níos fairsinge a iniúchadh agus a imscrúdú agus tuiscint orthu a shaothrú; raon leathan scileanna a fhoghlaim agus a chleachtadh, agus dearcadh oscailte criticiúil freagrach a ghnóthú.

(b) Aidhmeanna

Tá sé i gceist ag an scoil leis an bplean tíreolaíochta seo a chur i bhfeidhm:

- eolas agus tuiscint a fhorbairt ar imshaoil áitiúla agus réigiúnacha agus ar chinn níos fairsinge agus ar a gcomhghaolta
- ciallú agus léirithiú ar ilghnéitheacht dálaí nádúrtha agus daonnasa Domhan a spreagadh
- ionbhá le daoine as imshaoil ilghnéitheacha maille le tuiscint ar chomhspleáchas daoine a fhorbairt
- cumas a fhorbairt ar raon de mhodhanna cumarsáide a úsáid, go háirithe na cinn a bhaineann le forbairt grafachta (mapáil agus bealaí neamhbhriathartha neamhuimhriúla eile chun sonraí a léiriú)
- cuidiú le forbairt a theacht ar thuiscint d'áit agus ar fheasacht ar spásúlacht
- forbairt dearchta chásamhair agus iompair stuama i leith an imshaoil mar aon le páirtíocht in aithint, plé agus réiteach nó seachaint fadhbanna imshaoil a spreagadh tuiscint ar choincheapa tíreolaíocha cuí a fhorbairt.

■ Pleanáil Churaclaim

Naíonán Shóisir – Rang a dó

Naíonán Shóisir

Imshaoil dhaonna:

Ag maireachtáil sa phobal áitiúil

- An Seomra ranga- féachaint cad atá timpeall orthu
- An teach- cinéal teach
- Seomraí sa bhaile
- turais
- Bealach a dhéanamh áit éigin- (Téama)- Cochailín Dearg agus modhanna taistil

Daoine agus áiteanna i gceantar eile

- gaolta a chónaíonn cutéanna eile
- Saoire- daoine a chónaíonn ann - An bhfaca siad difríocht?

Imshaoil nádúrtha:

An t-imshaol nádúrtha áitúil

- Trá

An aimsir

- An Boghan Báistí
- Dialann Aimsire- taifead aimsir bunúsach
- Eadaí sa Ghreimhreadh
- Patrúin Aimsir - Comparáid idir samhradh agus geimhreadh

Pláinéad an Domhan sa spás

- Lá agus oíche
- An grian, gealach agus réaltaí a aithint

Feasacht agus cúram imshaoil:

Ag tabhairt aire don dúche timpeall orm

- Boscaí bruscar ar fáil fáthanna go bhfuil sé ciallmhar iad a úsáid

Naíonán Shinsir

Imshaoil dhaonna:

Ag maireachtáil sa phobal áitúil

- Cur síos a dhéanamh ar an dtimpeallacht scoile, baile áitúil
- breathnú ar obair an fheirmeora
- daoine a thagann go dtí an tí (daoine a chabhraíonn linn) - fear an phoist/doctúir/péintéir/fear an bhainne srl
- postanna daoine sa phobal (garda/doctúir/fiaclóir/grosaer srl)
- ag meaitseáil earraí faoi leith leis an siopa ceart
- Labhairt faoin dturas a thogann na páistí ar scoil (rudaí/daoine a fheiceann siad)

Daoine agus áiteanna i gceantar eile

- Comparáid a dhéanamh idir baile urbach + baile tuaithe/pictúirí a phlé

'Sa Bhaile'

- Breathnaigh ar tithe éagsúla (arasán/bungaló/teach srl)

Imshaoil nádúrtha:

An t-imshaol nádúrtha áitúil

- Cur síos a dhéanamh ar an dtimpeallacht (cnoc/coill/trá/portach)
- iniúchadh a dhéanamh ar clocha/gaineamh/cré srl- rangú a dhéanamh orthu, na rudaí thuasluaite a bhailiú

An aimsir

- An grian mar réalt + foinse teasa

- Taifead a choiméad ar an aimsir
- Bogha báistí- dathúil/ uisciúil/ éadrom srl- plé: grian ag lonrú braoiníní báistí- tionsnamh ranga
- Comparáid a dhéanamh idir na héadaí a chaitheann muid sa ghreimhreash + sa samhradh

Pláinéad an Domhan sa spás

- Plé ar lá + oíche/ 24 uair sa lá/ geal + dorchá/ 'maidin', 'meán lae', 'iarnóin'

Feasacht agus cúram imshaoil:

Ag tabhairt aire don dúche timpeall orm

- Plé ar an bhfocal 'timpeallacht' / timpeallacht éagsúla a phlé/ conas é a choiméad glan/ míbhuntáistí le timpeallacht salach.
- 'Athchursáil' a phlé. Meaitseáil an bruscar leis an modh athchursáil. M.sh: gloine- banc buidéal
- Sábhaltacht a phlé i geataí ar oscailt- éalóidh leanaí + peataí. Breathnú + plé ar phictúirí

Rang a haon

Imshaoil dhaonna:

Ag maireachtáil sa phobal áitúil

- Daoine ag obair + turais simplí
- staidéir ar conas mar a réitíonn daoine leis an dtimpeallacht i suíomhanna éagsúla
- comharthaí bóithre
- tithe + seomraí
- Teach Vs Baile
- Stair Dún Búinne, obair learscáile, logainmneacha

Daoine agus áiteanna i gceantar eile

- Duine ón Pól Thuaidh Vs Daoine ó Éire m.sh bia, cultúr, modh iompar
- Cultúr + saol duine ón Afraic

Imshaoil nádúrtha:

An t-imshaol nádúrtha áitúil

- Obair léarscálaíocht + tú ag breathnú ar rudaí ón spéir

An aimsir

- Éadaí na h-aimsire
- Aimsir timpeall an domhain
- Roth aimsire a dhéanamh

Pláinéad an Domhan sa spás

Feasacht agus cúram imshaoil:

Ag tabhairt aire don dúche timpeall orm

- Athchursáil (modhanna)

Rang a dó

Imshaoil dhaonna:

Ag maireachtáil sa phobal áitúil

- Dath dearg ar an rudaí a usádeann muid sa lá atá inniu ann. Dath gorm ar na rudaí fadó
- Barragraf a dhéanamh do na feithidí ar fad a thagann tríd as baile
- ainmniú agus pictúir a tharraingt do na tithe ar fad atá le fáil in Éirinn
- Amhathair ar fad atá ar na tithe
- Ainmhithe difriúla a bhíonn bainne acu agus saghas bianna a bhíonn bainne istigh iontu
- Scéal cailín as India agus an saghas eadaí a chaitheann sí agus a saol ar fad-bia/pbair/traidisiúin
- Na bealaí ar fad a dhéanann daoine cumarsáide

Daoine agus áiteanna i gceantar eile

Imshaoil nádúrtha:

An t-imshaol nádúrtha áitúil

- Mapa a dhéanamh as na foirgneamh + an timpeall a chur isteach ann
- Ag féachaint ar phictúirí mar 'birds eye view'
- Treoracha mapa a leanúint agus na treoracha clé/dheis, suas/síos a leanúint freisin
- Plean seomra a dhéanamh ag úsáid siombail de na troscain
- Eolas ar Cruach Phadraig agus ceisteanna a fhreagairt
- Féachaint ar griangraf agus plean gairid den baile a dhéanamh amach
- Pictúr den domhain agus gealach a fheiceáil, eolas a léamh agus ceisteanna a fhreagairt - pictúir den domhain mar lá agus oíche
- Learscáil na hÉireann agus an dhá chontae is tríocha in Éirinn a ainmniú
- Na contaetha a bhriseadh suas i gC uigí

An aimsir

Pláinéad an Domhan sa spás

Feasacht agus cúram imshaoil:

Ag tabhairt aire don dúche timpeall orm

- Na rudaí a dhéanann/nach dhéanann i Rang i dtaobh athchursáil
- Aire a thabhairt don timpeallacht trí cluiche a imirt: Cluiche nathair agus dreimire

Rang a trí

Roinnt gníomhaíochtaí a théann leis na snaithaonaid thíos luaite ná....

- (Ceann acu seo nó/agus meascán dóibh) - Ag freagairt ceisteanna sa téascleabhair/leabhair oibre- ag freagairt ceisteanna sna cóipleabhair, ag tarraingt pictúirí bunaithe ar an eolas sa cheacht, crosfocal, ag meaitseáil eolas le chéile. Obair neamhspleách-tionsnamh (An Spáinn, Péiriú) Ag déanamh plé ar an ábhar atá á dhéanamh sa cheacht, Ag déanamh ealaín bunaithe ar an ábhar clúdaithe. Súilóid taobh amuigh chun eolas sa timpeallacht a bhailiú.

Imshaoil dhaonna:

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil*

- Daoine agus pobail- Ag léamh faoi madra ar iarraidh, pobail na scoile, pobail eile (Cluichí Oilimpeacha Speisialta m.sh), ag meaitseáil eolais faoi post le duine a dhéanann an post
- Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile- Stair na tógála, meaitseáil pictúirí le ainm tithe, Áiteanna cónaithe, meaitseáil an duine leis an eolas, ainmnigh codanna den teach
- Daoine i mbun oibre- Ag obair mar iascaire, ag obair mar theileoibreoir, ag obair mar stiúrthóir tráchtá aeir, ag obair mar threoraí turais, ag coiméad an uisce glan, ag déanamh cur síos ar post duine, cén modh taistil a d'úsáidfeá.

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn*

- Daoine agus pobail, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre
- Gníomhaíochtaí thuas luaite a clúdiú ach le ceantar codarsnacht in Éirinn.

Daoine agus críocha eile**

- Daoine agus cíocha eile....san Eoraip (An Spáinn) (Peiriú) (Na Sanaigh)
- (An Spáinn)- Seo é Juan- buachaill ón Spáinn ag caint faoi a shaol, léarscáil den tír, Na huimheanna in Altamira, picasso armáid na Spáinne, ag dathú léarscáil na Spáinne, ag léamh scéal Spáinneach. Ag déanamh tionscnamh bunaithe ar an eolas thuas agus ceol, bia, traidisiúin, spórt na Spáinne agus eolas eile a bhailíonn na páistí ar an Spáinn.
- (An Peiriú)- Seo é Elisa- cailín ón Peiriú a labhraíonn faoin saol sa Peiriú, Péiriú agus na Spáinnigh, Machu Picchu, Na hAindéis, An Condor, Mistéir an Nazca, ag léamh faoin alpaca, ag léamh faoin cathair cuzco, ag léamh faoi Loch Titicaca, ag líonadh isteach eolais ar léarscáil de Pheiriú, ag freagairt ceisteanna faoi Pheiriú. Ag déanamh tionscnamh bunaithe ar an eolas thuas agus ceol, bia, traidisiúin, spórt ó Pheiriú agus eolas eile a bhailíonn na páistí ar an bPeiriú.
- (Muintir na hAfraice- Na Sanaigh)- Ag léamh faoi saol buachaill darb ainm kimbu, kimbu ag seilg den chéad uair, áit cónaithe na sanaigh, ag líonadh isteach eolais bunaithe ar na Sanaigh, córas cainte na Sanaigh,

Lárionad sa chontae, sa réigiún agus sa tír

- Ag cur isteach ainm na contaetha na hÉireann ar léarscáil, Ag plé, ag freagairt ceisteanna, ag foghlaim na contaetha

Saincheisteanna trádála agus forbartha

- Ag déanamh tagairt do cheisteanna trádála agus forbatha agus eolas á bháiliú ar na contaetha, bailte, abhainn na hÉireann, farraigí na hÉireann.

Imshaoil nádúrtha:

An tImshaol nádúrtha áitiúil

- cf An Brat Glas.

Talamh, aibhneacha, farraigí na hÉireann

- Talamh, aibhneacha agus farraigí mo chontae
- Ó Sruth go farraige, gníomaíochtaí ar an Abhainn, timthriall an uisce, ag scríobh ainmneacha na nAibhneacha isteach, crosfhocal ar an eolas, meaitseáil an ghníomhaíocht uisce leis an bpictúir ceart.

Gnéithe nádúrtha na hEorpa agus an domhain

- An Domhan agus eolas ar farraigí agus ainm na tíortha timpeall an domhain, ag scríobh ainmneacha na dtíortha isteach ar léarscáil.
- Ag léamh faoi aigeán an domhain, An Mhuir Mharbh, Ó Uisce Goirt go hUisce Úisce, gníomhaíochtaí uisce, huicéar ma Gaillimhe, ag dathú pictúir isteach faoi huicéar na Gaillimhe, taisoedáin conas a athraíonn sáile go huisce úr faoin grian.

Carraigeacha agus ithreacha

- Sléibhte na hÉireann a ainmniú, ag déanamh cur síos ar céard atá ar fáil timpeall orainn, ag scríobh ainmneacha na sléibhte isteach ar léarscáil.
- Cloch fadó, finscéalta na Clochaoise, An Gorgon Medusa, Cloch inniu, ag léamh faoi Stair na clocha in Éirinn.

Aimsir, aeráid agus aerbhrat

- Aimsir
- An Grian agus an gaoth, sáite sna doldroma, ag scrúdú griangraf shatailíte, focal cuardach bunaithe ar an ngaoth, ag déanamh scrúdú ar méadait báistí, ag léamh faoi galú, ag déanamh méadar báistí, ag coinneáil dialann aimsire, ag léamh faoi bogha báistí.
- Cad í an ghrian, Ag fáil amach faoin slí a léigh daoine a t-am na blianta ó shín leis an ngrian, cad is eiclips ann?, Ra- Dia na gréine

Pláinéad an Domhain sa spás

- Pláinéad an Domhain sa spás
- Ag léamh faoi na plainéidí, ag déanamh ealaín bunaithe ar na plainéidí, ag fáil ainm ar na plainéidí

Feasacht agus cúram imshaoil

Feasacht imshaoil

- Ag tabhairt aire don imshaol/Feasacht imshaoil
- Ag tógáil domhan níos fearr- ag breathnú thart ar céard atá ar fáil le haghaidh páistí chun súgradh le, ag fáil amach an modh is fearr le bia a choiméad úr, ag léamh faoin saol sa baile/cathair, faoin tuath, cois farraige, portach, féarach te, An Fásach, Forais Bháistí, Tundra.

Ag tabhairt aire don imshaol- 'An Brat Glas'

- Ag fáil amach conas aire a thabhairt don Imshaol- (múch é, páirceanna náisiúnta, athchursáil, cáin ar mhaláí plaisteacha, múirín) Ag fáil amach faoi crainn a ghearradh síos. Ag plaineáil plandaí (daffodils, rudaí eile chun ceantar na scoile a ghlanadh suas). Ag foghlaim faoin bruscar a théann istigh mboscaí bruscar áirithe. Ag cur leis seo le nascanna curtha ar fáil bunaithe ar an Brat Glas atá an scoil ag iarraidh a bhaint amach.

*Daoine agus pobail, Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre, Iompair agus cumarsáid *- Píoctar snáitheanna as an liosta seo.*

*Imshaol i dtír Eorpach eile ** - Imshaol i dtír atá san Eoraip, Imshaol i dtír nach bhfuil san Eoraip*

*Daoine agus pobail, Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre, Iompair agus cumarsáid *- Píoctar snáitheanna as an liosta seo.*

*Imshaol i dtír Eorpach eile ** - Imshaol i dtír atá san Eoraip, Imshaol i dtír nach bhfuil san Eoraip*

Rang a ceathair

Gníomhaíochtaí a cabhraíonn leis na snaithaonaid a chur i láthair

- ag freagairt ceisteanna sa téascleabhair / leabhair oibre / cóipleabhair
- crosfhocail, ag meaitseáil, ag tarraingt pictúirí bunaithe ar an teolas sa cheacht, srl.
- siúlóid taobh amuigh chun eolas faoin timpeallacht a bhailiú.
- Obair neamhspleách - Tionscnamh (An Iorua, An Tansáin / An Fhrainc, An Meicsiceo) plé ar an ábhar atá á dhéanamh sa cheacht, altanna, comhad fíorais srl. a scríobh, ealaín bunaithe ar an ábhar.

Imshaoil dhaonna:

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil*

Daoine agus pobail

- baili de phobal na scoile & den phobal áitiúil
- mar a chabhraíonn daoine lena chéile agus mar a bhraitheann siad ar a chéile, (m.sh. Banaltraí Poiblí Slántiúil, Cluichí Oilimpeacha Speisialta, srl), tascanna bunaithe ar {Timpeall an Domhain - m.sh. leictreoir - tiománaí bus - dochtúir -briogáid doiteán-meicneoir - leictreoir srl.}
- Poist Neamhghnácha sa Phobal m.sh. Bainisteoir Tráchta, Maor Madra
- Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine

- gnéithe nádúrtha feiceálacha (m.sh. abhainn - Abhann an Caisleán)
- plandaí agus ainmhithe (siúlóid nádúr srl.)
- an chomhghaolmhaireacht idir gnéithe nádúrtha agus saol daoine
- logainmneacha agus a mbunús i ngnéithe nádúrtha

Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile

- stair na tógála, Áiteanna cónaithe, meaitseáil an duine leis an eolas, ainmnigh codanna den teach
- Daoine i mbun oibre, cur síos ar na postanna, cén modh taistil a d'úsáidfeá.

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn*

- Daoine agus pobail, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre
- Gníomhaíochtaí thuas luaite ach le ceantar codarsnach in Éirinn.

Daoine agus críocha eile**

An Eoraip - An Iorua

- Tír Clúdaithe le Sneachta is Leac Oighir
- Grian an Mheán Oíche
- Hammerfest (an baile is faide ó thuaidh san Eoraip)
- Muilte Gaoithe faoin bhFarraige (Ciorcal Artach, Sruth na Murascaille)
- Longa & Rigí Ola
- Sami (Muintir an Réinfhia)
- Cluichí Oilimpeacha an Geimhridh (Lillehammer sa bhliain 1994)
- Thor & an Fathach (*comhtháthú le Stair*)

{ Timpeall an Domhain - caibidil 26 & 32 }

Tionscadal: Rogha idir *An Iorua* nó *An Fhrainc*

Bunaithe ar na theidil seo a leanas:

- suíomh na gceantar seo
- teanga(cha)
- miotais, scéalta, ealaín & cultúr (m.sh. scéal pearsanta faoi gnáthsaol sa tír)
- éadaí

súgradh & caitheamh aimsire srl.

- *Cosúlachtaí le hÉirinn & codarsnacht léi*

Taobh amuigh den Eoraip:

An Afraic - An Tansáin

- Tír is mó in Iarthar na hAfraice
- Sliabh Kilimanjaro, Loch Victoria, An Níl
- Léarscáil an Tansáin (á phlé & ceisteanna a fhreagairt ar)
- Sainsibeár (na crainn clóibh & spíosraí)
- An Saol sa Tansáin
- Na Masai
- An Serengeti
- Crainn Bhunoscionn (An Baobab)

{ Timpeall an Domhain - caibidil 50 & 53 }

Tionscadal: Rogha idir *An Tansáin* nó *An Meicsiceo*

Bunaithe ar na theidil seo a leanas:

- suíomh na gceantar seo
- teanga(cha)
- miotais, scéalta, ealaín & cultúr (m.sh. scéal pearsanta faoi gnáthsaol sa tír)
- éadaí
- súgradh & caitheamh aimsire srl.
- *Cosúlachtaí le hÉirinn & codarsnacht léi*

Comthathú:

Stair - Meiriceánaigh Dhúchasacha

{ Timpeall an Domhain - caibidil 49 }

- Meicsiceo (go háirithe má roghnaítear *An Meicsiceo* mar tionscadal is féidir díriú isteach ar *Na hAstacaigh* agus/nó *Na Máigigh / Mayan Civilisation*)

Lárionad sa chontae, sa réigiún agus sa tír

- éirí eolach ar shuíomh agus ar ainmneacha ceantar uirbeach sa chontae agus ar roinnt de na foirgnimh, de na monarchana agus de na gnéithe tábhachtacha eile atá iontu

m.sh. An Uaimh, Dún Búinne, Baile Átha Troim, srl.

- roinnt eolais a shaothrú ar shuíomh an chontae agus suíomh contaetha comharsanacha i leith a chéile

m.sh. Baile an Bhlainséir, Caisleán Cnucha, Droichead Átha, srl.

- éirí eolach ar shuíomh agus ar ainmneacha roinnt bheag de na bailte móra agus de na cathracha is mó atá sa réigiún agus in Éirinn.

Saincheisteanna trádála agus forbartha

- Ag déanamh tagairt do cheisteanna trádála agus forbairt agus eolas á bháiliú ar na contaetha, bailte, abhainn na hÉireann, farraigí na hÉireann.

Imshaoil nádúrtha:

An t-Imshaol nádúrtha áitiúil

An Saol i gClós na Scoile (comhtháthú leis an éolaíocht)

- gnáthóga áitiúla ina mbíonn ainmhithe, mionainmhithe agus plandaí ina chónaí
- ag déanamh léaráid den scoil le gnáthoga ainmhithe marcáilte ar
- Turgnamh: An fearr le *míol críon* solas nó gréine?
- Cód d'Obair Allamuigh - ag tabhairt aire don dúlra amuigh faoin spéir
- An Brat Glas

Talamh, aibhneacha, farraigí mo chontae

- Talamh, aibhneacha, bána, sléibhte, farraigí mo chontae, srl.
- gníomaíochtaí ar an aibhneacha, ag scríobh ainmneacha na haibhneacha isteach, crosfhocal ar an eolas, meaitseáil an ghníomhaíocht uisce leis an bpictúir ceart, srl.

Gnéithe nádúrtha na hEorpa agus an domhain

- An Domhan agus eolas ar farragí agus ainm na tíortha timpeall an domhain, ag scríobh ainmneacha na dtíortha isteach ar léarscáil.

- Ag léamh faoi aigeán an domhain

Carraigeacha agus ithreacha

- Sléibhte na hÉireann a ainmniú, gnéithe spéisialta de na sléibhte, ag scríobh ainmneacha na sléibhte isteach ar léarscáil.
- samplai d'ithreacha a bhailiú, iad a shortáil & a ghrúpáil

Aimsir, aeráid agus aerbhrat

- Aimsir (teocht, teirmiméadar, teocht an choirp, teas, fearthainn & gaoth)
- Solas na Gréine (éirí & luí na gréine, solas na gréine & scáthanna, contúirt na gréine, cosaint ón gréine, Córas na Gréine)
- Ag léamh an t-ám ón ghrian
- Atmaisféar an Domhain, Poill ar an nGealach, Dréigí ar an Domhain, Críoch Ré na nDineasár

Pláinéad an Domhain sa spás

- Pláinéad an Domhain sa spás
- Ag léamh faoi na plainéidí, ag déanamh ealaín bunaithe ar na plainéidí, ag ainmniú na plainéidí, srl.
- An Domhain é féin (Screamh, Maintlín, Croí Amuigh, Croí Istigh)

Feasacht agus cúram imshaoil

Feasacht imshaoil

- Ag tabhairt aire don imshaol/Feasacht imshaoil
- Ag tógáil domhan níos fearr- ag fáil amach an modh is fearr le bia a choiméad úr, ag léamh faoin saol sa baile/cathair, faoin tuath, cois farraige, portach, An Fásach, Forais Bháistí.
- Coimeád ár bhFál Slán (crann sceach, cuileann, féithleog, coll, srl./ Obair ghréasáin)

Ag tabhairt aire don imshaol- 'An Brat Glas'

- Ag fáil amach conas aire a thabhairt don Imshaol- (múch é, páirceanna náisiúnta, athchursáil, cáin ar mhaláí plaisteacha, múirín) Ag fáil amach faoi crainn a ghearradh síos. Ag plaineáil plandaí (daffodils, rudaí eile chun ceantar na scoile a ghlanadh suas). Ag foghlaim faoin bruscar a théann istigh mboscaí bruscar áirithe. Ag cur leis seo le nascanna curtha ar fáil bunaithe ar an Brat Glas atá an scoil ag iarraidh a bhaint amach.

*Daoine agus pobail, Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre, Iompair agus cumarsáid *- Píoctar snáitheanna as an liosta seo.*

*Imshaol i dtír Eorpach eile ** - Imshaol i dtír atá san Eoraip, Imshaol i dtír nach bhfuil san Eoraip*

*Daoine agus pobail, Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre, Iompair agus cumarsáid *- Píoctar snáitheanna as an liosta seo.*

*Imshaol i dtír Eorpach eile ** - Imshaol i dtír atá san Eoraip, Imshaol i dtír nach bhfuil san Eoraip*

Rang a cúig

Imshaoil dhaonna:

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil*

-

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn*

- An Astráil

Daoine agus críocha eile**

- An Iodáil
- An Tír/daoine
- Daoine cáilúil
- An Eoraip- Aontas

Lárionad sa chontae, sa réigiún agus sa tír

-

Saincheisteanna trádála agus forbartha

- Feirmeoireacht bananaí- easpórtáil

Daoine ag obair

- Pobal- seirbhisí áitiúla
- Daoine ag obair le foraisí

Iompair + Meáin

- Iompar + meáin éagsúla- idirlíon, sahlít
- Ag fanacht i dteangmháil- Fón póca

Imshaoil nádúrtha:

An tImshaol nádúrtha áitiúil

-

Talamh, aibhneacha, farraigí na hÉireann

- Cuanta + cósta na hÉireann
- Contaetha agus bailte na hÉireann

Gnéithe nádúrtha na hEorpa agus an domhain

- Everest, Sliabhraon an domhain

Carraigeacha agus ithreacha

- Criostail, marmar, mianach

Aimsir, aeráid agus aerbhrat

- An Ghaoth Francis Beaufort
- Luas na gaoithe

Pláinéad an Domhain sa spás

- Na pláinéad + An Ghealach

Léarscáileanna, cruinneoga, agus scileanna léarscáilaíocht

- Ag déanamh léarscáil- comhordnáidí
- Bratacha + Cathracha na hEorpa

Feasacht agus cúram imshaoil

Feasacht imshaoil

- Oighear an fharraige
- An Ghaoth Aibhneacha
- Cén áit le saol a chaitheamh

Ag tabhairt aire don imshaol

- Athchursáil
- Truailliú aeir

*Daoine agus pobail, Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre, Iompair agus cumarsáid *- Píoctar snáitheanna as an liosta seo.*

*Imshaol i dtír Eorpach eile ** - Imshaol i dtír atá san Eoraip, Imshaol i dtír nach bhfuil san Eoraip*

Rang a sé

Imshaoil dhaonna:

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil*

- Daoine ag obair
- Feirmeoirí & Garraíodóireacht

Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn i gceantar codarsnach in Éirinn*

- Stáit Aonaithe Mheiriceá
- An Ghréig
- An tAontas Eorpach

Daoine agus críocha eile**

-

Lárionad sa chontae, sa réigiún agus sa tír

-

Saincheisteanna trádála agus forbartha

-

Iompair + Meáin

- Cumarsáid
- Innill Cuardaigh Gréasán

Imshaoil nádúrtha:

An tImshaol nádúrtha áitiúil

- An pobal
- Neamhspleáchas
- Cearta & Dualgais
- Ag socrú síos
- Áit agus spás
- Tithe

Talamh, aibhneacha, farraigí na hÉireann

-

Gnéithe nádúrtha na hEorpa agus an domhain

- An Eoraip
- Sliabhroan aibhneacha
- Aibhneacha an Domhan, Canálacha

Carraigeacha agus ithreacha

- Forsaí an nadúr
- Oighear, peilt, u-ghleann

Aimsir, aeráid agus aerbhrat

- Cúis aeráid difriúil
- Cinéal aeráid

Pláinéad an Domhain sa spás

- Taisteal na bplainéad
- Na Taoidí grianstad
- Séasúr
- Íomhanna ón spéir
- Saitilít

Léarscáileanna agus Cruinneog

- Léarscáil
- Bratacha
- Domhan leithead + Domhanfhad

Feasacht agus cúram imshaoil

Feasacht imshaoil

- Alt nuachta
- Ar truailliú stairiúil

Ag tabhairt aire don imshaol

- Truailliú Uisce
- Iompar trácht/truailliú/carr leictreach

*Daoine agus pobail, Gnéithe an imshaoil nádúrtha agus daoine, Lonnaíocht: bailte agus foirgnimh eile, Daoine i mbun oibre, Iompair agus cumarsáid *- Píoctar snáitheanna as an liosta seo.*

*Imshaol i dtír Eorpach eile ** - Imshaol i dtír atá san Eoraip, Imshaol i dtír nach bhfuil san Eoraip*

2. Forbairt Scileanna agus Coincheapa

Naíonán Shóisir- Naíonán Shinsir

Agus an pháiste ag déanamh staidéir ar an tíreolas ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Tuiscint d'áit agus do spás

Tuiscint d'áit

- éirí feasach ar roinnt de shainghnéithe daonna agus nádúrtha na dúiche, agus iad a iniúchadh agus a phlé
 - *mé féin agus mo theaghlach, mo chairde baill de phobal na scoile daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa phobal áitiúil a spás, a s(h)eomra, a b(h)aile, an t-achar timpeall a b(h)aile bailte a g(h)aolta agus a c(h)airde an seomra ranga, an scoil agus achair shúgartha*
- roinnt feasachta faoi dhaoine agus faoi áiteanna i gceantair eile a fhorbairt

Tuiscint do spás

- tagairt do théarmaí simplí suímh nó iad a úsáid
 - *le hais, in aice, i bhfad ó láthair, béal dorais, ar mo bhóthar, ar mo léibheann nó ar m'urlár thuas staighre, thíos staighre*
- turais chuig áiteanna sa gharthimpeallacht agus ar ais uathu a phlé agus a chlárú ar bhealach simplí- *an baile, spásanna súgartha, an scoil agus an seomra ranga, siopaí, suímh eile*
- tagairt do threoracha simplí nó iad a úsáid i suíomh an bhaile, an tseomra ranga agus na scoile- *treoracha chun dul go dtí seomra eile sa scoil a thabhairt.*

Léirscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

Ag úsáid léirithe d'áiteanna

- tagairt a dhéanamh do líníochtaí simplí de cheantair nó iad a úsáid- *an baile agus a gharthimpeallacht, an seomra ranga, an scoil agus an clós, áiteanna eile agus ceantair shamhlaithe*
- mionsamhlacha d'fhoirgnimh a dhéanamh de bhrící, de Lego agus d'ábhair shúgartha eile
- éirí feasach ar chruinneoga mar mhionsamhlacha den Domhan.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe nádúrtha agus daonna sa gharthimpeallacht
- Cé a chónaíonn san áit seo?, Cad a tharlóidh má thugaim sneachta isteach?

Ag breathnú

- gnéithe nádúrtha agus daonna san imshaol áitiúil a bhreathnú, a chur i gcomparáid agus a phlé
- obair agus ionaid oibre daoine a chuidíonn linn, cad a tharlaíonn nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne

Ag tuar

- tuairim a chaitheamh cad é an chéad rud eile a tharlódh i ndála áirithe
- tuairim a chaitheamh cé acu an snámhfadh púróga in uisce nó an rachaidh siad go tóin

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a cheapadh an múinteoir a dhéanamh, breathnóireacht a dhéanamh agus sonraí a bhailiú

Ag meas agus ag tomhas

- faid a mheas agus a chur i gcomparáid go neamhfhoirmiúil- tá an turas ón mbaile go dtí an scoil níos faide ná an turas ón mbaile go dtí an pháirc

Ag anailísiú

- nithe a shórtáil agus a rangú de réir gnéithe inbhreathnaithe- carraigeacha, púróga, láib i sampla ithreach

Ag clárú agus ag cur in iúl

- cur síos agus plé ó bhéal a dhéanamh ar a b(h)reathnóireacht agus feidhm á baint as stór forásach focal
- torthaí a léiriú i bhfoirm pictiúrtha agus i meáin eile- pictiúir, cairteacha aimsire, ag úsáid theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Rang a haon – Rang a dó

Agus an pháiste ag déanamh staidéir ar an tíreolas ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Tuiscint d'áit agus do spás

Tuiscint d'áit

- roinnt de shainghnéithe daonna agus nádúrtha na dúiche máguaird a iniúchadh agus eolas ceart a chur orthu
- daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar
- bailte agus foirgnimh eile, gnéithe nádúrtha
- feasacht ar dhaoine agus ar áiteanna i gceantair eile a fhorbairt

Tuiscint do spás

- suíomh daonna agus nádúrtha i leith a chéile sa dúiche máguaird a phlé agus a chlárú
- i gcaint shimplí (m.sh. in aice, os comhair, ag an gcoirnéal)
- trí líníochtaí, plananna, léarscáileanna agus mionsamhlacha simplí
- turais shimplí chuig áiteanna agus ar ais uathu sa gharthimpeallacht agus lasmuigh di a phlé agus a chlárú -an baile, bailte gaolta agus cairde, spásanna súgartha, siopaí agus foirgnimh thábhachtacha eile, ceantar uirbeach, páirc imeartha, ionaid saoire
- treoracha simplí chuig áiteanna sa gharthimpeallacht a thabhairt agus a leanúint- áiteanna sa scoil agus sa chlós.

Léirscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus cruinneog

- ceantair sa gharthimpeallacht agus áiteanna a luaitear i scéalta a chlárú agus feidhm á baint as léarscáileanna pictiúrtha simplí, as mionsamhlacha agus as modhanna eile- mo sheomra, mo bhaile, a chomharsanacht, mo bhealach chun na scoile agus chun na siopaí, ceantair shamhailteacha (m.sh. an bealach i scéal leithéid 'Cochaillín Dearg')
- imlínte agus plananna rudaí beaga coitianta a iniúchadh- nithe beaga mar chás peann luaidhe nó bosca, mionsamhlacha d'fhoirgnimh a bhaineann le feirm nó traein bhréige
- roinnt feasachta a fhorbairt faoi léarscáileanna d'achair theoranta sa dúiche máguaird agus faoi ghriangraif aerga díobh dá mb'fhéidir sin
- treonna a iniúchadh sa seomra ranga agus feidhm á baint as léarscáileanna treochoimharthaí simplí
- talamh agus farraige a aithint ar léarscáileanna agus ar chruinneoga
- léarscáileanna d'Éirinn agus an chruinneog a úsáid chun feasacht faoi áiteanna eile a shaothrú.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe nádúrtha agus daonna sa gharthimpeallacht- Cad iad na haimmhithe agus na plandaí a mhaireann anseo?, Cad tá athraithe ó bhí mé anseo cheana?

Ag breathnú

- gnéithe nádúrtha agus daonna san imshaol áitiúil a bhreathnú, a chur i gcomparáid agus a

phlé- dathanna agus uigeacht san imshaol, plandaí foirgnithe agus ainmhithe difriúla in imshaoil chodarsnacha

Ag tuar

- tuairim, agus í bunaithe ar bhreathnóireacht, a chaitheamh faoi thoradh imscrúdaithe
- tuairim a chaitheamh faoi cathain a bheidh uisce na habhann láibeach

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a dhéanamh agus eolas a bhailiú ó fhoinsí ilghnéitheacha
- breathnóireacht dhíreach san imshaol, imscrúduithe sa seomra ranga, leabhair, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide, meáin eile

Ag meas agus ag tomhas

- tosú ar mhodhanna simplí a úsáid chun torthaí breathnóireachta a mheas, a thomhas agus a chur i gcomparáid- aonaid neamhchaighdeánacha fhaid a úsáid chun achair shlí a thomhas meá a úsáid chun meáchain samplaí a bailíodh a chur i gcomparáid

Ag anailísiú

- daoine, gnéithe, eachtraí agus feiniméin nádúrtha a shórtáil agus a ghrúpáil- na daoine a oibríonn i siopaí, in oifigí nó i monarchana, dúile beo ar an gcladach, ar an bhfeirm nó sa pháirc
- tosú ar phatrúin agus ar ghaolmhaireacht a chuardach agus a aithint sa timpeallacht- an bhaint atá idir scamail dhorcha agus báisteach, na naisc atá idir bailte daoine agus an aeráid
- teacht ar thátail de thoradh imscrúduithe simplí

Ag clárú agus ag cur in iúl

- cur síos agus plé ó bhéal a dhéanamh ar thorthaí breathnóireachta agus feidhm á baint as stór forásach focal
- torthaí a léiriú i bhfoirm phictiúrtha nó trí mheáin eile a úsáid- fríosanna, picteagraim, teicneolaíocht eolais agus cumarsáide.

Rang a trí – Rang a ceathair

Agus an pháiste ag déanamh staidéir ar an tíreolas ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Tuiscint d'áit

- roinnt de shainghnéithe daonna agus nádúrtha na dúiche timpeall agus an chontae a iniúchadh agus eolas ceart a chur orthu- daoine agus pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar, príomhghnéithe nádúrtha, lonnaithe: bailte móra, foirgnimh eile, spásanna oscailte, gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus fóillíochta, láithreacha oibre, naisc iompair agus naisc eile atá idir na gnéithe seo
- roinnt feasachta faoi na sainghnéithe daonna agus nádúrtha a bhaineann le roinnt áiteanna in Éirinn agus in áiteanna eile sa domhan

Tuiscint do spás

- tuiscint a shaothrú ar shuíomh agus méid príomhghnéithe nádúrtha agus daonna i leith a chéile- príomhghnéithe na dúiche máguaird agus an chontae, líon beag de phríomhghnéithe áiteanna eile in Éirinn

- roinnt feasachta a shaothrú faoi ainmneacha agus faoi shuímh roinnt tíortha Eorpacha i leith a chéile
- príomhairde an chompáis a shuí agus iad a úsáid sa dúiche máguaird
- léarscáileanna a úsáid chun bealaí agus treonna sa dúiche máguaird a chlárú.

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus cruinneog

- roinnt cur amach ar léarscáileanna agus ar ghrianghraif a bhfuil scálaí agus cuspóirí ilghnéitheacha acu a shaothrú agus iad a chur chun úsáide praiticiúla- pleananna seomra nó foirgnimh, léarscáileanna a dhéanamh de mhionsamhlacha agus de thithe bréige, léarscáileanna agus grianghraif aerga de cheantair aithnidiúla, léarscáileanna den dúiche máguaird, d'Éirinn, den Eoraip agus den domhan, léarscáileanna ar dhlúthdhiosca agus ar fhoinsí mheáin leictreonacha eile
- tuiscint a shaothrú ar roinnt gnéithe agus comhghnásanna coitianta léarscáile agus iad a úsáid- comharthaí (m.sh. do nithe agus do bhallaí, do thalamh agus d'uisce), ciall do pheirspictíocht aerga, eochair, innéacs agus tagairt shimplí ar nós eangaí, léarscáil de cheantar teoranta a ailíniú (nó a shocrú)
- léarscáileanna simplí a dhéanamh den bhaile, den seomra ranga, den scoil agus den gharthimpeallacht
- príomhghnéithe tíreolaíocha a aithint agus áiteanna a aimsiú ar an gcruinneog.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe agus phróisis nádúrtha agus daonna sa gharthimpeallacht agus faoina gcomhghaolmhaireacht- Cad a dhéanann an áit seo éagsúil le háiteanna eile? Conas a úsáideann an feirmeoir an talamh seo?

Ag breathnú

- gnéithe agus próisis nádúrtha agus daonna san imshaol agus a gcomhghaolmhaireacht a bhreathnú agus a phlé agus cur síos a dhéanamh orthu- cruthanna agus toirteanna gnéithe nádúrtha, dathanna agus uigeacht foirgneamh agus sráid-dreach

Ag tuar

- moltaí (hipitéisí) bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh faoin toradh is dóichí a bheadh ar imscrúdú

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a dhéanamh agus eolas a bhailiú ó fhoinsí ilghnéitheacha- breathnóireacht agus turgnaimh san imshaol agus sa seomra ranga, grianghraif, leabhair, léarscáileanna, meáin leictreonacha agus meáin nach iad

Ag meas agus ag tomhas

- gléasanna agus fearas simplí cuí a úsáid chun sonraí a bhailiú-méadar báistí seiftithe, roth tomhais, compás

- aonaid chaighdeánacha chuí tomhais a úsáid

Ag anailísiú

- ag sórtáil, ag grúpáil agus ag rangú sonraí faoi dhaoine, faoi ghnéithe, faoi eachtraí agus faoi fheiniméin nádúrtha agus feidhm á baint as raon critéar cuí- saghsanna plandaí san imshaol, saghsanna siopaí nó foirgneamh i gceantar uirbeach
- patrúin agus gaolmhaireacht san imshaol a chuardach agus a aithint- patrúin shéasúracha i bhfaisnéisí aimsire, na háiteanna is fearr sa ghairdín chun plandaí a chur, maiseanna uisce agus talún ar léarscáileanna
- eolas a chiallú agus mínithe a thabhairt
- tátail a bhaint as gnéithe oiriúnacha den fhianaise a bhailítear

Ag clárú agus ag cur in iúl

- torthaí agus tátail a chlárú agus a léiriú agus feidhm á baint as modhanna éagsúla ar a n-áireofaí meáin bhéil, scríofa, phictiúrtha, ghrianghrafacha, léaráideacha, ghrafacha agus leictreonacha, agus ag úsáid theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Rang a cúig - Rang a sé

Agus an pháiste ag déanamh staidéir ar an tíreolas ba chóir go cuirfí ar chumas an pháiste:

Tuiscint d'áit agus do spás

Tuiscint d'áit

- gnéithe suntasacha nádúrtha agus daonna na dúiche máguaird, an chontae agus na hÉireann a iniúchadh agus éirí eolach orthu- daoine agus pobail a chónaíonn agus a shaothraíonn sna ceantair sin, mar a thugann litríocht, cultúr, teanga agus nósanna léargas ar nádúr áiteanna príomhghnéithe nádúrtha, lonnaithe: bailte, foirgnimh eile, spásanna oscailte, gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus fóillíochta, teorainneacha bailte fearainn, paróistí agus contaetha réigiúin mhóra (m.sh. Boireann, Machaire Méith na Mumhan) naisc iompair agus cineálacha eile nasc atá idir na gnéithe seo
- éirí eolach ar ghnéithe suntasacha nádúrtha agus daonna a bhaineann le roinnt áiteanna san Eoraip agus le háiteanna eile sa domhan

Tuiscint do spás

- tuiscint a fháil ar shuíomh agus ar mhéid príomhghnéithe nádúrtha agus daonna i leith a chéile- príomhghnéithe na dúiche máguaird agus an chontae, roinnt de phríomhghnéithe na hÉireann, teorainneacha contaetha agus cúigí agus teorainneacha eile in Éirinn
- tosú ar thuiscint a shaothrú ar ainmneacha roinnt de ghnéithe nádúrtha agus daonna na hEorpa agus an domhain agus ar a suíomh i leith a chéile- líon beag de phríomhghnéithe nádúrtha, roinnt tíortha, príomhchathracha agus mórchathracha, teorainneacha ilchríocha
- faid a mheas agus a thomhas agus na príomhairde a shuí le linn don dúiche máguaird bheith á hiniúchadh
- roinnt feasachta a shaothrú faoi threonna in imshaoil níos fairsinge
- treonna agus bealaí a úsáid agus a chlárú ar léarscáileanna.

Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha

Ag úsáid pictiúr, léarscáileanna agus mionsamhlacha

- cur amach ar léarscáileanna agus ar ghrianghraif a bhfuil scálaí agus cuspóirí ilghnéitheacha ag baint leo a shaothrú agus iad a chur chun úsáide praiticiúla- léarscáileanna den dúiche máguaird, d'Éirinn, den Eoraip agus den domhan, léarscáileanna bealaigh do bhusanna, do thraenacha agus do chórais eile, grianghraif aerga, léarscáileanna ar dhlúthdhiosca agus ar mheáin leictreonacha eile, tuiscint a shaothrú ar ghnéithe agus ar chomhghnásanna coitianta léarscáile agus iad a úsáid, samhailchomharthaí (m.sh. scáiliú comhrianta chun sléibhte agus ísealchríoch a thaispeáint), eochair, innéacs agus tagairtí simplí ar nós eangaí, léarscáil cheantair nó réigiúin a ailíniú (nó a shocrú), scála
- léarscáileanna a úsáid chun bealaí agus treonna sa timpeallacht agus in imshaoil níos fairsinge a chlárú
- roinnt léarscáileanna agus mionsamhlacha simplí de ghnéithe nádúrtha agus daonna san imshaol áitiúil a dhéanamh

Léarscáileanna agus cruinneoga

- léarscáileanna, cruinneoga, grianghraif aerga, grianghraif shatailíte agus íomhánna cianbhraite eile a chur i gcomparáid
- eochairlínte domhanleithid agus domhanfhaid a aithint ar an gcruinneog- an Meánchiorcal, Trópaic an Phortaín agus an Ghabhair, an Ciorcal Artach agus an Ciorcal Antartach, Fadlíne Greenwich, an Líne Dáta Idirnáisiúnta, domhanleithead agus domhanfhaid na hÉireann
- roinnt feasachta a shaothrú faoi na fadhbanna a bhaineann le déanamh léarscáileanna- an tionchar a bhíonn ag teilgin léarscáile éagsúla ar mhéid tíortha i leith a chéile, tábhacht peirspictíochta agus laofachta i ndéanamh léarscáileanna.

Scileanna imscrúdaithe tíreolaíochta

Ag ceistiú

- ceisteanna a chur faoi ghnéithe agus faoi phróisis nádúrtha agus daonna san imshaol agus faoina gcomhghaolmhaireacht- Conas atá an áit seo athraithe ag daoine agus cén fáth? Cén fáth ar chóir monarcha a shuí san áit seo?

Ag breathnú

- gnéithe agus próisis nádúrtha agus daonna an imshaoil agus a gcomhghaolmhaireacht a bhreathnú- dathanna agus uigeacht ábhar nádúrtha, stíleanna agus ábhair thógála i gceantair uirbeacha nó tuaithe, patrúin dhifriúla fheirme agus lonnaithe i dtírdhreacha tuaithe

Ag tuar

- moltaí (hipitéisí) bunaithe ar roinnt breathnóireachta a dhéanamh faoin toradh is dóichí a bheadh ar imscrúduithe
- tátail a bhaint as moltaí agus as torthaí breathnóireachta
- idéanna nó teoiricí simplí ar féidir iad a thástáil trí thurgnaimh a mholadh

Ag imscrúdú agus ag tástáil

- imscrúduithe simplí a dhéanamh agus eolas a bhailiú ó fhoinsí éagsúla- breathnóireacht agus turgnaimh san imshaol agus sa seomra ranga, grianghraif, leabhair, léarscáileanna agus meáin nach iad, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Ag meas agus ag tomhas

- gléasanna agus teicníochtaí simplí cuí a úsáid chun sonraí a bhailiú- méadar báistí seiftithe, teirmiméadair, roth tomhais, compás, bileoga taifid
- aonaid chaighdeánacha chuí tomhais a úsáid- fliuchras i milliméadair, faid i méadair agus i gciliméadair, luas na gaoithe de réir scála Beaufort

Ag anailísiú

- ag sórtáil, ag rangú agus ag grúpáil sonraí faoi dhaoine, faoi eachtraí agus faoi fheiniméin nádúrtha agus feidhm á baint as raon critéar cuí- foirgimh a ghrúpáil ó thaobh úsáide i gceantar uirbeach, goirt ar fheirm a ghrúpáil de réir na mbarr a fhástar iontu
- patrúin agus gaolmhaireacht san imshaol a lorg agus a aithint- patrúin laethúla sa sreabh tráchta ar bhóthar, na ceangail idir threo na gaoithe, teocht agus fliuchras
- eolas a chiallú agus mínithe a thabhairt
- tátail a bhaint as gnéithe oiriúnacha den fhianaise a bhailítear

Ag clárú agus ag cur in iúl

- torthaí agus tátail a chlárú agus a chur i láthair agus feidhm á baint as modhanna ilghnéitheacha ar a n-áireofaí meáin bhéil, scríofa, phictiúrtha, ghrianghrafacha, léaráideacha, ghrafacha agus leictreonacha agus úsáid á baint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Ag meastóireacht

- na modhanna a úsáideadh le haghaidh imscrúduithe a athbhreithniú agus a dtairbhe a mheas.

3. Tuairimí na bPáistí

An úsáidimid tuairimí na bpáistí ar áit agus ar spás mar thúsphointe do ghníomhaíochtaí uile na tíreolaíochta??

Conas mar a éiríonn linn a fháil amach céard a bhíonn ar eolas cheana féin ag na páistí?

Stráitéisí a úsáidtear chun na tuairimí seo a aimsiú:

- caint agus plé
- ceistiúchán
- éisteacht
- tascanna ar réiteach fadhbanna
- léaráidí
- tascanna deartha ag an múinteoir agus trialacha

4. Cur Chuige agus Modheolaíochtaí

Seo hiad na modheolaíochtaí agus an cur chuige a bheidh á úsáid tríd an scoil agus an tíreolas á mhúineadh, i gcomhthéasc leis na snaitheanna/snáithaonaid na tíreolaíochta, sa scoil:

Príomh-mhodheolaíochtaí an Churaclaim Bunscoile don chlár tíreolaíochta

- An fhoghlaím ghníomhach
- Réiteach fadhbanna
- Forbairt scileanna tríd an ábhar
- Caint agus idirphlé
- An fhoghlaím chomhoibritheach
- Úsáid na timpeallachta

Cur chuige agus modheolaíochtaí a úsáidtear don fhoghlaím faoi áiteanna

(Féach lgh. 66-69 Treoirlínte do Mhúinteoirí)

Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu:

- Cá bhfuil an áit seo?
- Cad é an sórt áite é seo?
- Cén fáth an bhfuil an áit seo mar atá?
- Conas atá an áit seo ag athrú?
- Conas atá an áit seo nasctha le háiteanna eile?
- Conas atá an áit seo cosúil nó éagsúil le háiteanna eile?
- Conas a bhraithfeadh duine agus é/í san áit seo?

Cad é an sórt áite é seo?

- Cé a chónaíonn anseo?
- Cá gcónaíonn na daoine?
- Cén sórt bailte a gcónaíonn na daoine iontu?
- Cad a chaitheann na daoine?
- Cé na bianna a itheann na daoine?
- Cad a dhéanann daoine anseo? (a gcuid oibre, fóillíochta, nósanna agus traidisiún)
- Cén chosúlacht atá ar an áit?
- Cé na gnéithe nádúrtha atá anseo?
- Conas atá an aeráid?
- Cé na hainmhithe a chónaíonn anseo? Cé na plandaí a fhásann anseo?
- Cén úsáid atá á baint as an talamh?
- Cé na gnéithe atá déanta ag daoine?

Cén fáth a bhfuil an áit seo mar atá?

- Conas a cumadh na gnéithe nádúrtha?
- Cén fáth ar thóg na daoine na cineálacha bailte a gcónaíonn siad iontu?
- Cén fáth a gcaitheann daoine éadaigh áirithe?
- Cén fáth a gcónaíonn daoine mar a bhfuil cónaí orthu?
- Conas atá nósanna, creidimh, féilte nó ceiliúradh na ndaoine léirithe i ngnéithe nádúrtha agus

daonna na háite seo?

- Conas a d'úsáid na daoine an t-imshaol seo?
- Conas a chuaigh an t-imshaol seo i bhfeidhm ar shaol na ndaoine?
- Cén fáth a dtagann daoine anseo?

Conas atá an áit seo ag athrú?

- Conas atá an áit seo athraithe ag na daoine?
- Conas atá sé á hathrú acu anois?
- An bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil úsáid nuaheicneolaíochta tar éis an áit seo a athrú?
- An bhfuil foirgnimh nó scéimeanna nua beartaithe?
- Conas a athróidh na tionscadail nua seo an tírdhreach nó an sráid-dreach?
- Cé na próisis nádúrtha atá ag athrú na háite seo? (mar shampla creimeadh, sil-leagan, síonchaitheamh)

Conas atá an áit seo nasctha le háiteanna eile?

- Conas a ghluaiseann daoine timpeall san áit seo?
- Conas a théann daoine chuig bailte móra, sráidbhailte nó áiteanna eile in aice láithreach?
- An oibríonn daoine i mbailte móra nó cathracha in aice láithreach?
- Conas a thugtar earraí chun na háite seo? Cá as?
- Conas a sheoltar earraí ón áit seo go dtí ceantair eile?
- Conas a dhéanann daoine san áit seo cumarsáid le daoine eile sa cheantar?
- Conas a dhéanann daoine cumarsáid le háiteanna lasmuigh den cheantar?

Conas atá an áit seo cosúil le nó éagsúil le háiteanna eile?

- An ionann an aimsir agus ...?
- An ionann an tírdhreach agus ...?
- An ionann an fheirmeoireacht agus ...?
- An i gcarranna a thaistealaíonn daoine den chuid is mó? de shiúl cos?

Conas a bhraithfeadh duine agus é/í san áit seo?

- Cad a bhraitheann tú faoin áit seo?
- Cad is maith leat nó nach maith leat?
- Cén fáth a gceapann tú a leithéid?
- An mbraitheann tú gurb í tuairim na ndaoine go bhfuil na hathruithe atá ag tarlú ina gceantar
---- fóna?
- ag feabhsú an cheantair?
- baolach?
- gur dócha go millfidh siad an tírdhreach?
- gur dócha go soláthróidh siad poist sa cheantar?
- Conas a d'fhéadfaí an ceantar a fheabhsú, meas tú?

Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt trí úsáid a bhaint as grianghrafanna, idirlíon, ríomhphost.

Cur chuige agus modheolaíochtaí a úsáidtear don iniúchóireacht imshaol

An bhfuil samplaí sa cheantar ...

Daoine agus pobail

- de dhaoine a chónaíonn sa cheantar a bheadh toilteanach labhairt leis na páistí faoina saol sa

cheantar agus faoi mar a d'athraigh a saol?

- de dhaoine atá gníomhach i mbun chosaint nó chaomhnú an imshaoil?
- de dhaoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a shaibhríonn saol na ndaoine sa cheantar?

ceoltóirí, ealaíontóirí, ceardaithe, fir agus mná spóirt

grúpaí deonacha, eagraíochtaí spóirt agus cultúrtha, foirne áitiúla

coistí bailte slachtmhara

eagraíochtaí forbartha áitiúla agus réigiúnacha

carthanais

- de dhaoine a tháinig chun cónaithe sa cheantar ó áiteanna eile in Éirinn nó ó thíortha eile?
- de dhaoine a bhfuil gaolta leo ina gcónaí in áiteanna eile den domhan?
- de shlíthe ina mbraitheann daoine ar a chéile sa dúiche máguaird?

Gnéithe nádúrtha imshaoil

- de ghnéithe tírdhreacha?

cnoic, sléibhte, gleannra, ísealchríocha

- d'uisce san imshaoil?

áiteanna a ndéantar locháin agus srúillí le linn báistí

sruthanna, aibhneacha, linnte, lochanna, inbhir, cladaí

- de ghnéithe a rinneadh trí chreimeadh nó trí shil-leagan de thoradh uisce, oighir, gaoithe?

áiteanna ar féidir bruacha srutha á gcreimeadh ag uisce a fheiceáil

áiteanna a bhféadfaí clocha atá rollta snoite ag an uisce a bhailiú

gleann a múnlaíodh ag an oighear, droimnín a sil-leagadh ag an oighear

carraigeacha a creimeadh ag an bhfarraige, gaineamh, púróga agus carraigeacha ar an trá

crainn nó fála scean múnlaíthe ag an ngnáthghaoth

- de ghnéithe a rinneadh trí idirghníomhú plandaí agus gnéithe fisiceacha

portaigh, gnáthoga cladaigh, locha, nó farraige, samplaí de bheatha phlandúil nó ainmhíoch

plandaí éagsúla le feiceáil ag airdí éagsúla ar an sliabh

- de shlíthe a ndeachaigh gnéithe nádúrtha i gcion ar shaol daoine?

tionchar gleannra agus aibhneacha ar naisc iompair

tionchar na hithreach agus fána na talún ar fheirmeoireacht (m.sh. curaíocht san ísealchríoch,

féarach ar thalamh a bhfuil fána ghéar léi, barra éagsúla ar ithreacha éagsúla)

mar a suíodh tithe chun foscadh a fháil ón ngnáthghaoth agus mar a cuireadh creasa foscaidh

chun cur leis an bhfoscadh

tionchar na haeráide ar shaothar agus ar shaol daoine (m.sh. tábhacht na haimsire i gcúrsaí

turasóireachta, iascaireachta agus feirmeoireachta)

- de shlíthe ina bhfuil daoine tar éis oibriú ar ghnéithe nádúrtha nó iad a úsáid?

cairéil agus úsáid cloiche, gainimh, gairbhéil agus ábhar eile

mianaigh agus úsáid na mianraí agus na n-acmhainní eile a baineadh astu

baint móna

dambaí hidileictreacha, taiscumair uisce agus soláthar uisce

diúscairt dramhaíola agus láithreáin líonta talún

feirmeoireacht agus foraoiseacht

- d'áiteanna a bhféadfaí faisnéisí aimsire a dhéanamh?

suímh ina bhféadfaí comparáidí úsáideacha a dhéanamh

suímh a léireodh tionchar treoíochta nó airde ar thoisí aimsire

- d'áiteanna ina bhféadfaí tionchar suímh ar fhás plandaí, ar fhliuchras agus ar rith chun srutha a imscrúdú?

Lonnaíocht

- de shaghsanna éagsúla bailte?

tithe, árasáin, iostáin, tithe feirme, carbháin, tithe soghluaiste

patrúin lonnaíochta: cnuasta (m.sh. bailte bailithe i sraith neamhscoite, i gcearnóg, i ngréas

muileata nó in eastáit) nó scaipthe (m.sh. tithe feirme ar fud an tírdhreacha)

- de láithreáin a léiríonn bunús na lonnaitheachta?

crosbhóthar; áth nó droichead ag pointe trasnaithe; ráth, dún, caisleán nó láithreán cosanta eile; mainistir nó eaglais; cearnóg nó gréas muileata i mbaile mór de chuid na plandála

- de sheancheantair agus nuacheantair lonnaitheachta?

seantithe agus seanfhoirgnimh sna sráideanna i lár an bhaile mhóir agus tithe nua, ollmhargaí nó siopaí suite ar a imeall

de shaghsanna eile foirgneamh?

siopaí, ollmhargaí, oifig phoist, monarchana, ceardlanna, oifigí, eaglaisí, scoileanna, ospidéal, teach cúirte, stáisiún an Gharda, stáisiún na briogáide dóiteáin, láithreáin bhailithe bruscair, áiteanna le haghaidh fóillíochta agus caithimh aimsire

- de dheiseanna chun imscrúdú a dhéanamh ar conas a athraíodh, a athchóiríodh nó a athúsáideadh foirgnimh áirithe agus cén fáth?

athruithe ar theicneolaíocht (m.sh. monarchana nua á n-oscailt, cinn eile á ndúnadh)

athruithe ar chúrsaí iompair (m.sh. monarcha aistrithe ó thaobh na canála go dtí taobh an bhóthair, seanstáisiún iarnróid in úsáid arís, tógáil bóithre nua chun freastal ar thrácht méadaitheach)

athruithe ar nósanna sóisialta (m.sh. dúnadh na pictiúrlainne, úsáid ollmhargaí in áit siopaí)

tábhacht na turasóireachta (m.sh. athchóiriú nó athúsáid seanfhoirgneamh)

- d'fhoirgnimh inar féidir ábhair éagsúla thógála as an áit maille le hábhair eile a fheiceáil?
- d'áiteanna inar féidir patrúin sa lonnaitheacht a thabhairt chun grinnis?

fuinneoga beaga agus cloch in úsáid i seanfhoirgnimh

fuinneoga níos mó agus ábhair nua-aoiseacha in úsáid i bhfoirgnimh úra

foirgnimh thrí urlár i sráideanna áirithe, foirgnimh dhá urlár i sráideanna eile

sráideanna atá cónaitheach den chuid is mó ach tráchtáil ar siúl i sráideanna eile

soilse tráchta in úsáid ag acomhail áirithe agus acomhail eile gan iad

foirgnimh suite os cionn airde áirithe (m.sh. chun tuilte a sheachaint)

foirgnimh tógtha faoi bhun airde áirithe (m.sh. chun drochaimsir a sheachaint)

talamh san ísealchríoch á húsáid chun féar nó sadhlas a dhéanamh agus chun curaíochta, ach talamh níos airde á húsáid mar fhéarach garbh

Daoine i mbun oibre

- de dhaoine a thuilleann a mbeatha ar dhóigheanna éagsúla?

daoine ag obair sa bhaile

daoine i mbun feirmeoireachta, iascaireachta, nó tionscal príomhúil eile

daoine ag obair i monarchana, in oifigí, i dtionscail seirbhíse

daoine atá páirteach i dturasóireacht, i ngníomhaíochtaí fóillíochta agus i gcaitheamh aimsire

- d'ionaid oibre a bhféadfadh na páistí cuairt a thabhairt orthu d'fhonn obair na ndaoine atá fostaithe iontu a imscrúdú?

den dóigh a mbraitheann muintir na dúiche máguaird ar dhaoine in áiteanna eile in Éirinn agus in áiteanna eile ar domhan?

amhábhair as áiteanna eile, earraí á ndíol le daoine in áiteanna eile

- d'ionaid oibre ar féidir iad a nascadh le fostaíocht eile sa cheantar?

d'fhéadfadh monarcha áitiúil poist a sholáthar dá cuid oibrithe agus deiseanna a chur ar fáil do sholáthraithe agus d'oibrithe eile

d'fhéadfadh láithreáin turasóireachta bunú siopaí cuimhneachán, bialanna nó stáisiún peitрил a spreagadh

- den tionchar ar an imshaol is féidir a bheith ag tionscail, seirbhísí, turasóireacht, nó ngníomhaíochtaí fóillíochta

cur leis an imshaol ina gcónaíonn daoine, trácht nó torann ag méadú

Iompar agus taisteal

- den chaoi a ngluaiseann daoine timpeall san áit seo agus mar a thaistealaíonn siad chuig áiteanna eile agus ar ais uathu?
- de bhonneagar iompair agus líonraí cumarsáide?
bóithre, príomhstáisiúin agus stadanna bus, iarnróid agus stáisiúin traenach, canálacha, aerfoirt, calafoirt agus cuanta, píblínte (m.sh. píblínte gáis)
seirbhísí poist, teileachumarsáid
- d'áiteanna inar féidir imscrúdú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil chun daoine agus earraí a iompar?

Saincheisteanna imshaoil

- d'áiteanna ina bhfuil an t-imshaol foirgnithe nó an t-imshaol nádúrtha an-tarraingteach nó anmhítharraingteach?
- d'áiteanna ina bhfuil an t-imshaol foirgnithe nó an t-imshaol nádúrtha á athrú?
- d'áiteanna a bhféadfadh na páistí tionchar gníomhaíochta daonna a mheas?
- de scéimeanna chun an t-imshaol áitiúil a fheabhsú?
gníomhaíochtaí nó tionscadail a bhféadfadh na páistí bheith gafa iontu
- de phleananna nó scéimeanna atá beartaithe ina gcaithfear buntáistí na forbartha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar an imshaol, ar phlandaí agus ar ainmhithe agus ar shaol daoine a mheá?
- de dhaoine a bheadh toilteanach labhairt leis na páistí faoi roinnt de na saincheisteanna seo?

Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt trí úsáid a bhaint as obair lasmuigh, cosáin fhionnachtana, grianghrafanna (Féach lgh. 70-73 Treoirlínte do Mhúinteoirí)

Cur chuige agus modheolaíochtaí a úsáidtear don obair lasmuigh

Ag obair san imshaol: liosta seiceála do mhúinteoirí

- eolas faoin réamhaisnéis aimsire is déanaí
- liosta de na rannpháirtithe uile san obair lasmuigh
- foirmeacha ceada ó thuismitheoirí gach dalta, le sonraí sláinte agus uimhreacha teileafóin le haghaidh teagmhála orthu
- uimhreacha teileafóin dochtúirí áitiúla, ospidéal, na nGardaí, seirbhísí tarrthála agus na scoile
- d'fhéadfadh uimhreacha teileafóin phearsanta an phríomhoide nó chathaoirleach an bhoird bhainisteoireachta bheith úsáideach ar thurais fhada lae
- airgead agus glao-chárta teileafóin nó teileafón siúil chun glaonna a chur
- fearas garchabhrach
- liosta de na cúntóirí go léir agus na grúpaí atá curtha faoina gcúram
- clár mionchruinn gníomhaíochtaí a léiríonn i gcónaí cén áit ba cheart do gach grúpa a bheith agus cad ba cheart a bheith ar siúl ag na baill
- bileoga gníomhaíochta, treoracha oibre nó rianleabhráin do na daltaí
- léarscáileanna den cheantar
- léarscáileanna, liosta d'aimnmeacha na bpáistí agus treoracha sábháilteachta do na cúntóirí
- fearas le haghaidh imscrúdaithe (m.sh. compáis, roth tomhais, gabhdáin phlaisteacha le haghaidh samplaí)
- pinn luaidhe agus scriosáin bhreise
- éadach uiscdhíonach te agus coisbheart téagartha
- lón agus deoch
- is féidir go mbeidh teacht ar chógas de dhíth ar pháistí áirithe agus is féidir é seo bheith i seilbh an

mhúinteora más é sin polasaí na scoile (ná dearmad dóthain cógais a bhreith leat ar eagla moille)

- saic le haghaidh dramhaíle agus bruscair
- mála droma chun na nithe thuas a iompar!

Ag imscrúdú an imshaoil: liosta seiceála do dhaltáí

- tuiscint chruinn ar na gníomhaíochtaí a dtabharfaidh siad fúthu
- tuiscint chruinn faoin ngrúpa a mbaineann siad leis agus ainm an treoraí
- suaitheantas scoile, ranga nó grúpa ar mhaithe le daoine a aithint in áiteanna plódaithe
- éadach uiscédhíonach te agus coisbheart téagartha
- cóip den treoir oibre nó den rianleabhrán
- léarscáil
- pinn luaidhe (seachas pinn ghránbhioracha) agus scriosáin
- páipéar agus criáin sa bhreis chun cuimilteáin agus sceitsí a dhéanamh
- ceamara beag
- árthaigh phlaisteacha chun samplaí a bhailiú
- compás agus trealamh eile le haghaidh imscrúduithe
- lón agus deoch
- mála droma chun nithe a iompar i dtreo go mbeidh na lámha inúsáidte chun oibre

Cur chuige agus modheolaíochtaí a úsáidtear don imscrúdú ar imshaoil daonna

Roinnt teicníochtaí imscrúdaithe le haghaidh imshaoil dhaonna a imscrúdú

- gnéithe sa tírdhreach a bhreathnú agus a sceitseáil
- suirbhé ar úsáid na talún a chur i gcrích
- agallaimh le daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar
- ag déanamh luacháil imshaoil
- ag rianú bealaí
- suirbhé tráchta a dhéanamh
- turgnaimh san imshaol agus sa seomra ranga a phleanáil, a dhéanamh agus a mheas

- Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt trí úsáid a bhaint as. *obair lasmuigh, suirbhéanna, grianghrafanna, déantúsáin, agallaimh, cuntais imshaoil (Féach lgh. 81-96 Treoirlínte do Mhúinteoirí)*

Cur chuige agus modheolaíochtaí a úsáidtear don imscrúdú ar imshaoil nádúrtha

Roinnt teicníochtaí imscrúdaithe chun imshaoil nádúrtha a iniúchadh

- ag aithint agus ag scrúdú gnéithe i ngrianghraif
- ag úsáid iontamhla agus mionsamhlacha
- ag breathnú agus ag sceitseáil gnéithe san imshaol
- ag déanamh turgnamh agus imscrúduithe
- ag saothrú gairdín fiadhúlra

- Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt trí úsáid a bhaint as *obair lasmuigh, cosáin, grianghrafanna (Féach lgh. 97-115 Treoirlínte do Mhúinteoirí)*

Cur chuige agus modheolaíochtaí a úsáidtear chun foghlaim faoi áiteanna eile

Príomhcheisteanna maidir le staidéar ar áiteanna:

1. Cá bhfuil an áit seo?
2. Cad é an sórt áite seo?
3. Cén fáth a bhfuil an áit seo mar atá?
4. Conas atá an áit seo ag athrú?
5. Conas atá an áit seo nasctha le háiteanna eile?
6. Conas atá an áit seo cosúil nó éagsúil le háiteanna eile?
7. Conas a bhraithfeadh duine agus é/í san áit seo?

Ag foghlaim faoi áiteanna eile: roinnt gníomhaíochtaí a mholtar

- dul ag breathnú ar áiteanna eile in Éirinn
- maingíní grianghraf
- úsáid fiseán
- scéalaíocht
- cuairteoirí, cairde agus gaolta
- nuacht agus cúrsaí reatha
- tionscadail
- naisc le scoileanna eile
- tuairimí buanchruthacha roimh an staidéar agus ina dhiaidh
- ábhair le haghaidh staidéar ar thíortha forásacha

- Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt trí úsáid a bhaint as *déantúsáin, léirscáileanna, cruinneoga, agallaimh, grianghrafanna, cúpláil-scoileanna (Féach lgh. 116-126 Treoirlínte do Mhúinteoirí)*

Forbairt ar scileanna mapála agus coincheapanna mapála

Coincheapa mapála

Chun léarscáileanna a thuiscint agus a úsáid caithfear feidhm a bhaint as roinnt coincheap agus scileanna ag an am céanna:

- samhail de thírdhreach tríthoiseach ar dhromchla plánach (déthoiseach) is ea léarscáil. Is líníocht ó *pheirspictíocht aerga* í inti féin, .i. radharc anuas, radharc nach bhfeiceann páistí ach go han-annamh
- úsáidtear raon mór samhailchomharthaí i léarscáileanna chun eolas a chur in iúl. Dhealródh gur féidir le páistí roinnt díobh seo, mar línte chun bóithre a léiriú agus scáthlíniú gorm agus uaine chun muir agus tír a shonrú, a thuiscint gan mórán stró, ach bíonn samhailchomharthaí eile i bhfad níos teibí. Baintear feidhm as dathanna chomh maith chun airde, tíortha nó réigiúin imshaoil a chur in iúl; sonraítear stáisiún iarnróid, sráidbhaile nó baile mór le pointe; is ionann cros agus eaglais; agus léirítear idir bhóithre, aibhneacha, chanálacha, iarnróid, teorainneacha agus chomhrianta le línte. Chun na comharthaí seo (nach n-úsáidtear ar an gcuma chéanna i ngach léarscáil) a chiallú go héifeachtúil caithfidh an páiste *idirdehalú* idir na comharthaí, a mbrí a *léirmhíniú* agus na cinn a mbíonn gá aige/aici leo a *roghnú*. Má táthar chun léarscáil a úsáid chun bealach a aimsiú nó mar áis chun tuiscint a fháil ar imshaol ní mór í a ailíniú i gceart i dtaca leis na gnéithe atá ar an talamh. *Treoshuíomh* a thugtar ar an gcumas ar léarscáil a ailíniú (nó a shocrú). Nuair a bhíonn pleananna nó léarscáileanna de cheantair bheaga á n-úsáid caithfear gnéithe ar an léarscáil a aithint agus iad a nascadh lena bhfíor-chomaird san imshaol; nuair a bhíonn léarscáileanna d'imshaol níos fairsinge, an contae nó Éire mar shampla, á dtreoshuíomh ní mór bheithfeasach ar *threonna*, ar *na príomhairde* agus ar *an gcompás*

chun suímh a aimsiú ar léarscáil úsáidtear córas eangaí nó *comhordanáidí* de shaghas éigin agus dá bharr seo is féidir tagairtí cothrománacha agus ceartingearacha a úsáid chun cur síos ar shuímh

Comhtháthú: (*Tá tagairtí do dheiseanna comhtháite ar fáil ag deireadh gach snáthaonad sa Churaclam*)

Tá a lán deiseanna ann chun ceangail fhiúntacha a dhéanamh idir an tíreolaíocht, an eolaíocht agus an stair.

- Tá dlúthcheangail idir *Scileanna imscrúdaithe tíreolaíocha* agus *Ag obair go heolaíoch* chun a léiriú mar is féidir deiseanna a sholáthar ina lán imscrúduithe sa tíreolaíocht chun modhanna eolaíocha a chur i bhfeidhm. Forbrófar na scileanna a rianaítear in *Ag dearadh agus ag déanamh* nuair a bhíonn mionsamhlacha de ghnéithe imshaoil á dtógáil. Déanfaidh an staidéar ar ghnéithe nádúrtha agus ar ainmhithe imshaol áitiúla agus imshaol nach iad comhlánú ar an staidéar ar *Dhúile beo* san eolaíocht, agus tá an snáithe *Feasacht agus cúram imshaoil* ina chuid den dá churaclam.

Samplaí de comhtháthú:

Teanga: trí idéanna tíreolaíocha a phlé agus a chur i láthair, trí fheasacht an pháiste ar theangacha i dtíortha eile a spreagadh agus tríd an ngaolmhaireacht idir gnéithe tíreolaíocha agus logainmneacha Gaeilge agus Béarla a aithint.

Amharcealaíona: ag saothrú feasachta aeistéitiúla san imshaol agus i gcúrsaí tógála

Corpoideachas: gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta ag comhlánú obair

Mata: léarscáile agus forbairt thuiscint an pháiste d'áit agus do spás Beidh a lán de na scileanna a rianaítear in *Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha* ag brath ar fhorás matamiticiúil an pháiste.

6. Múinteoireacht Ilghráid

7. Measúnú agus Coimeád Cuntas

Measúnú

Ní mór don mheasúnú ar dhul chun cinn na bpáistí sa tíreolas freagairt don tuiscint seo chun go mbeidh bailíocht ann agus ionas nach gcuirfidh na teicníochtaí measúnaithe an curaclam as a riocht. Ar an ábhar sin, caithfidh na teicníochtaí measúnaithe a úsáidfear sa tíreolas féachaint le dul chun cinn na bpáistí a mheas, lena gcumas scileanna tíreolaíochta a úsáid agus le forbairt a ndearcaidh.

Samplaí de measúnú

Breathnóireacht an mhúinteora: Torthaí a phlé idir paiste agus paiste agus idir paiste agus múinteoir

Tascanna a dhearann an múinteoir: Athinsint ar na himeachtaí a bhí i gceist sa snaith i bhfoirm scríofa, obair phracticiúla, cártaí oibre a ullmhaíodh mar cabhair do na paistí chun an fhianaise a scrúdú. Tráth na gceist & Ar maith leat bheith I do mhilliúnaí?

Samplaí oibre: Samplaí de chlárú, de shintéisiú agus de chur in iúl atá críochnaithe ag na daltaí

Prófilí curaclaim: Breathnóireacht an mhúinteora agus an bailiúchán a úsáid le prófil an phaiste a líonadh ag deireadh an téarma, na bliana nó treimhse.

Bainfear úsáid as an measúnú chun cur leis na modhanna múinte atá ag gach múinteoir agus chun cur leis an planáil le haghaidh an tíreolas sa todhchaí.

Coimeád Cúntas

Tá na cumtaisí míosúla ina bhfuil cur síos le fáil ar an an tíreolas atá clúdaithe ag gach múinteoir le fáil san oifig. ???

*Cad iad na cúntais a choinnítear? Cá bhfuil na taifid coinnithe? Cé chomh fada a choimeádtar iad? (Téigh i gcomhairle le Polasaí ar Choinneáil Taifid na scoile)
Conas a roinneann múinteoirí eolas le páistí/tuismitheoirí????????????????????*

8. Páistí le Riachtanais Speisialta

Seo na straitéisí a bheidh in úsáid chun cabhrú le daltaí atá deacrachtaí acu san ábhar:

Straitéisí Difreálaithe Féideartha:

- Is féidir leis cuidiú go mór mór le forbairt teanga an pháiste trí leathnú a dhéanamh ar stór focal is ar chumas cur i láthair
- Am sa bhreis chun scil a chleachtadh
- An-chuid spreagtha agus athrá treoracha ag teastáil ón bpáiste a bhfuil deacrachtaí foghlama aige/aici.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar do luas féin
- Meascán de theagasc ranga agus obair ghrúpa a úsáid
- Tar éis ceacht ranga tascanna ar leibhéil éagsúla castacha a thabhairt do ghrúpaí difriúla páistí
- Fianaise éagsúil a úsáid
- Raon ceisteanna a úsáid agus raon tascanna a chur ar fáil
- Deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid tátal staire a chur i láthair ó bhéal, I ndíospoireachtaí ról-aithris, leas a bhaint as an ríomhaire

Cén ionchur a bhíonn ag páistí a rugadh nó a tógadh i dtíortha eile ar an gclár tíreolaíochta??

9. Comhionannas agus Rannpháirtíocht

- Féachann OSIE le léirtheascint ar an oidhreacht chultúrtha agus ar an oidhreacht stairiúil a ghiniúint agus cothaíonn sé atmaisféar don chomhionannas agus don deis, ina mbíonn meas agus luach ar fhir agus ar mhná, ar ilghnéitheacht chultúrtha, ar mhionlaigh agus ar riachtanais speisialta. Cuirtear in aghaidh claontachta agus leithcheala agus cothaítear meas agus comhthuiscint.

- An dtugtar comhdheiseanna do bhuachaillí agus do chailíní a bheith rannpháirteach i ranganna/gníomhachtaí?

- An bhfuil deiseanna ann do bhuachaillí/cailíní dul i dtaithí ar gach Snáithe?

- Conas a déantar freastal, sa chás gur gá, ar na nithe seo a leanas:

- *Páistí atá ag fulaingt míbhuntáiste de chineál ar bith*
- *Páistí nach bhfuil an Béarla acu mar chéad teanga.*

Idirchultúrachas

(Déan tagairt do threoirilínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil)

- An mbaintear leas as an rang tíreolaíochta mar dheis chun comhtháthú a dhéanamh ar chultúir uile na bpáistí m.sh. an Lucht Taistil, daltaí idirnáisiúnta...?

- An dtugann an clár tíreolaíochta sa scoil againne deis ar dhifriocht a cheiliúradh maraon le feacht chultúrtha a fhorbairt??

■ Pleanáil Eagrúcháin

10. Clár Ama

- Tá 2 uair 15 nóiméad leagtha síos ag an curaclam le haghaidh OSIE a mhúineadh don Naíonán. San am seo, déanfar 45 nóiméad sa Tíreolas gach seachtain.
- Tá 3 uair leagtha síos ag an curaclam le haghaidh OSIE a mhúineadh do na ranganna eile. San am seo, déanfar 1 uair sa Tíreolas gach seachtain.

11. Acmhainní agus TEC

Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil sa scoil maidir leis an Tíreolas:

Leabhair, léarscáileanna, mapaí, cluichí

- Cluiche Míreanna Mearaí- An Eoraip, Contaetha na hÉireann
- Discovering Ireland- Cluiche bord
- Cruinneoga
- Léarscáil na hÉireann, na hEorpa, an domhain
- Picture a country- Germany
- Discover- Exploring the Universe
- Wake up world- A day in the life of children around the world
- Mapaí den domhain, na heorpa
- What a wonderful world- Second, fifth & sixth class
- Dig in- learning about farming and food
- Maji- A pack on water for early years
- Discover! Oceanography
- Falons mapbook 1,2
- The school of fish primary school resource pack
- Where on Earth- 4th, 5th, 6th class
- Discover our world book 2, 4, 6
- Large blank mapbook
- Bia ón bhfeirm- pacáiste
- Atlas bunscoile
- National Geographic- Where food begins, China- inside the dragon, King Herod, The other humans, Gold, The end of night, Stonehenge, Ancient Iran, Lost world of the little people, The Black pharaohs, Big bad bizarre dinosaurs, Memory, Growing fuel, Saturn, Africa ragged edge, Inside Animals minds, Volcano Gods, India's shadow city, Who murdered the mountain gorillas? Islam's fault line- Pakistan.

Dlúthcéirníní

- Eyewitness- Virtual Earth Quest
- Know your Europe, Know your Ireland
- A study of Sligo's coastline

Léarscáileanna úsáideacha le haghaidh staidéar áitiúil sa seomra ranga bunscoile

- léarscáil mhórsála den scoil agus dá garthimpeallacht, léarscáil 1:1,000 nó léarscáil 25 orlach más féidir
- léarscáil mhórsála de mhórchomharsanacht na scoile, mar shampla léarscáil 6 orlach
- léarscáileanna '*Discovery Series*' a chuimseoidh an contae ar fad

Leabhair ar thíreolaíocht na hÉireann

Aalen, F. H. A., et al. *Atlas of the Irish Rural Landscape* Corcaigh, Cork University Press, 1997

Clarke, Howard *Irish Cities* Corcaigh, Mercier Press, 1995

Geoghegan, Philip, et al. *Building Sensitively in Ireland's Landscapes* Baile Átha Cliath, Bord Fáilte agus an Taisce, g.d.

Harbison, Peter *The Shell Guide to Ireland* Baile Átha Cliath, Gill and Macmillan, 1989

McAfee, Patrick *Irish Stone Walls: History, Building, Conservation* Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1997

Mitchell, Frank, and Ryan, Michael *Reading the Irish Landscape* Baile Átha Cliath, Town House, 1997

Pfeiffer, Walter, agus Shaffrey, Maura *Irish Cottages* Londain, Artus Books, 1990

Rowan, Alistair, agus Casey, Christine *The buildings of Ireland* Londain, Penguin

[Sraith bheartaithe de naoi n-imleabhar ar aidhm di eolaí ailtireachta cuimsitheach a sholáthar i dtaobh na bhfoirgneamh tábhachtach uile. Go dtí seo tá siad seo a leanas foilsithe: Ulaidh Thiar Thuaidh Laighin Thuaidh]

Shaffrey, Patrick agus Maura *Buildings of Irish Towns* Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1983

Shaffrey, Patrick agus Maura *Irish Countryside Buildings* Baile Átha Cliath, O'Brien Press, 1985

Simms, Anngret, agus Andrews, J. H. *Irish Country Towns* Corcaigh, Mercier Press, 1994

Simms, Anngret, agus Andrews, J. H. *More Irish Country Towns* Corcaigh, Mercier Press, 1995

Foinsí don churaclam agus dona treoirilínte

Australian Education Council *Studies of Society and Environment: A Curriculum Profile* Carlton (Victoria) for Australian Schools Curriculum Corporation, 1994

Blyth, Joan *Place and Time with Children Five to Nine* Londain, Croom Helm, 1984

Bowles, Rachel *Soils, Plants and the Environment* Sheffield, Geographical Association, 1992

Bowles, Rachel *Earth in the Environment* Sheffield, Geographical Association, 1992

Bowles, Rachel *Water in the Environment* Sheffield, Geographical Association, 1992

Butt, Graham, et al. *Assessment Works: Approaches to Assessment in Geography* Sheffield, Geographical Association, 1995 at Key Stages 1, 2 and 3

Catling, Simon *Placing Places* Sheffield, Geographical Association, 1995

(An) Chomhairle Náisiúnta *Report of the Review Body on the Primary Curriculum* Baile Átha Cliath, CNCM

Curaclaim agus Measúnachta agus an Roinn Oideachais, 1990

Convey, Andrew, agus *A European Dimension in the Teaching of Geography*: Sheffield, Geographical Association, 1994

Speak, Christine *An Introduction*

Cumann Múinteoirí Éireann *Social and Environment Studies in Primary Education in Ireland* Baile Átha Cliath, INTO, 1992

Curriculum Council for Wales *Environmental Education: A Framework for the Development* Caerdydd, CCW, 1992

of a Cross-curricular Theme in Wales

Curriculum Council for Wales *Approaches to Teaching and Learning about* Caerdydd, CCW, 1993

Wales at Key Stages 2 and 3

Department of Education (UK) *Key Stages 1 and 2 of the National Curriculum (England)* Londain, HMSO, 1996

Department of Education *The Teaching and Learning of History and Geography* Londain, HMSO, 1989 and Science

Department of Education *Geography from 5 to 16: Curriculum Matters*, 7 Londain, HMSO, 1990 and Science

Department of Education, *The Northern Ireland Curriculum: Key Stages 1 and 2: Béal Feirste*, HMSO, 1996

Northern Ireland *Programmes of Study and Attainment Targets*

Department of Education, *Geography: Programmes of Study and Attainment Targets Béal Feirste*, HMSO, 1991

Northern Ireland Development Education *Guidelines for Good Practice in Development Education* Baile Átha Cliath, DESC, 1994 Support Centre

de Villiers, Mike *Developments in Primary Geography: Theory and Practice* Sheffield, Geographical Association, 1995

Foley, Marcia, agus Janikoun, Jan *The Really Practical Guide to Geography* Cheltenham, Stanley Thornes, dara heagrán, 1996

Hegarty, Therese, et al. *Windows on the World: Shaping and Being Shaped An Uaimh*, Columban Fathers by Culture (4 vols.) and Sisters, 1992

Horgan, Kathleen *Team Planet: An Action Pack on Our World and Ourselves (4 vols.)* Luimneach, Primary School Development Education Project, 1993

Keane, Margaret, agus *Geography with a European Dimension* Baile Átha Cliath, McCartin, Carmel (eagarthóirí) Royal Irish Academy, 1995

Madden, Patrick *Go Wild at School* Baile Átha Cliath, Cumann um Ghairdíní

Fiadhúlra Scoileanna, 1996

Marsden, Bill, agus *Primary School Geography* Londain, David Fulton, 1994 Hughes, Jo (eagarthóirí) May, Stuart, et al. *Fieldwork in Action, Books 1-4* Sheffield, Geographical Association

1: *Planning Fieldwork* 1993

2: *An Enquiry Approach* 1996

3: *Managing Out-of-Classroom Activities* 1995

4: *Primary Fieldwork Projects* 1996

Mills, David (eagarthóir) *Geographical Work in Primary School* Sheffield, Geographical Association, 1988

Milner, Angela *Geography Starts Here: Practical Approaches with* Sheffield, Geographical Association, 1996

Nursery and Reception Children National Curriculum Council *Earth Science for Primary Teachers* York, NCC, 1993

National Curriculum Council *Teaching Geography at Key Stages 1 and 2* York, NCC, 1993

National Curriculum Council *An Introduction to Teaching Geography at Key Stages 1 and 2* York, NCC, 1993

National Curriculum Council *Geography: Non-statutory Guidance* York, NCC, 1991

Neal, Philip, agus Palmer, Joy *Environmental Education in the Primary School* Oxford, Blackwell, 1990

Nicholson, Heather Norris *Geography and History in the National Curriculum* Sheffield, Geographical Association, 1991

Nicholson, Heather Norris *Place in Story-time: Geography through Stories at Key Stages 1 and 2* Sheffield, Geographical Association. 1996

Northern Ireland Council *Guidelines for Primary Schools: Geography Béal Feirste*, NICED, 1988 for Educational Development

Northern Ireland *Proposals for Geography in the Northern Ireland Curriculum Béal Feirste*, NICC, 1990 Curriculum Council

Tig le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC) cur go mór le múineadh agus le foghlaim na staire.

- Tig le páistí ríomhchláir láimhseála sonraí a úsáid le go leor taifead agus eolais a thaifeadadh agus a anailísiú.

Mar shampla, d'fhéadfadh na páistí sonraí a iontráil faoi dhaltaí ar cuireadh a n-ainmneacha ar rolla na scoile in imeacht tréimhse áirithe.

- Cuireann cláir phróiseála focal agus cláir líníochta meán eile ar fáil don pháiste lena f(h)ionnachtana sa stair a chur in iúl. Tá sé éasca athdhréachtadh, eagarthóireacht agus ceartúcháin a dhéanamh ar ríomhaire, agus ar an gcaoi sin féadfaidh sé spreagadh a thabhairt don pháiste nach mbaineann an oiread sin sásaimh as gníomhaíochtaí scríbhneoireachta sa ghnáthshlí

- Leis na cláir seo, freisin, is féidir cáipéis a chur le chéile thar thréimhse fhada: mar shampla, eolas a chlóschríobh suas

- Bíonn teacht ag páistí ar raon níos mó fós foinsí má úsáideann siad an t-idirlíon.

Cad é an bogábhar cuí atá ar fáil sa scoil faoi láthair?

An bhfuil cód cleachtais ann chun úsáid shábháilte na hIdirlín a chinntiú? An gcaithfear cruu-ábhar agus bogábhar cuí a chur isteach chun an tsábháilteacht seo a chinntiú? An dtéann múinteoirí i dtaithe ar ábhair ar an suíomh ar leith sula mbaineann na páistí úsáid as? An bhfuil monatóireacht leanúnach ar na suímh idirlín seo?

????????????????????????????????

- Tá 'balla tine' ag an scoil faoi láthair a chuireann cosc ar roinnt suíomhanna idirlíne. Leis seo, ní bhíonn rochtain ag na páistí ar suíomhanna idirlíne nach chóir dóibh a fháil air.

12. Sláinte agus Sábháilteacht

Cad iad na saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta atá bainteach le gníomhachtaí a ghabhann leis an gcuraclam tíreolaíochta mar shampla ag dul ar obair fhionnachtana lasmuigh, ag láimhseáil déantúsán??

- Nuair a bhíonn obair phraiticiúil ar siúl ba cheart do mhúinteoirí ceann a thógáil de na himpleachtaí sábháilteachta a ghabhann le haon iniúchadh nó imscrúdú a bheadh le déanamh.

- Ní féidir gach aon bhaol timpiste a chur ar neamhní trí bheith cúramach, ach mar sin féin ba chóir go gcuirfí ar ceal aon chontúirtí ar féidir iad a sheachaint.

- Ba chóir go n-oibreodh páistí i ngrúpaí beaga faoi gharmhaoirseacht duine fhásta

- Ba chóir go dtarraingeofaí aird páistí agus daoine fásta ar shuímh criosanna sábhála agus fógraí ábháilteachta sa timpeallacht

13. Pleanáil agus Tuairisciú Múinteoirí Aonair

Conas a chuirfidh an plean scoile iomlán agus na cáipéisí curaclaim eolas agus treoir ar fáil do mhúinteoirí aonair maidir lena bpleanáil fad- agus gearr-théarmach?
An ndéanfaidh múinteoirí pleananna ag baint úsáide as na Snáitheanna agus na Snáithaonaid? Ag baint úsáide as cur chuige téamúil?
Cén aidhm a bheidh ag an gCuntas Míosúil ó thaobh athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an bplean scoile iomlán/ullmhúchán indibhidiúil do na blianta atá ag teacht?
Conas mar is féidir é seo a eagrú??

14. Forbairt Foirne

Beidh deis ag na múinteoirí an plean scoile maidir le tíreolas a fheiceáil san oifig, más múinteoir nua thú, chun cabhrú leo leis an pleanáil fadtéarmach.
 Beidh liosta ar fáil do gach múinteoir anseo sa plean scoile de na leabhair a bheadh go maith sa mhúineadh den tíreolas agus na suíomhanna idirlíne a bheadh úsáideach sa seomra ranga tíreolas.

An bhfuil teacht ag múinteoirí ar leabhair thagartha, ábhair acmhainní, agus suímh idirlín atá bainteach le tíreolas? Cé a bhí freagrach as na hacmhainní seo a choinneáil go dtí seo?
An ndéanann pearsanra na scoile taighde ar chur chuige agus modheolaíochtaí nua? An bhfaigheann siad deiseanna chun acmhainní a thríail ar bhonn píolótaigh, agus chun measúnú a dhéanamh pé acu is ceart iad a cheannach nó nach ceart?????????????????

15. Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí

Tá ról na dtuismitheoirí agus seantuismitheoirí an-tabhachtach. Is féidir leo a taithí a úsáid chun cabhair a thabhairt don múinteoir ranga. Tá ról lárnach ag an tuismitheoir freisin leis an slí gur féidir leo cabhair a thabhairt don pháiste eolas a cuardú maidir le obair bhaile tíreolaíochta- contaetha na hÉireann a fhoghlaim mar shampla.
 Nuair a théann an rang ar turas scoile tíreolaíochta, tá cabhair an tuismitheora an-tábhachtach ionas go mbeidh go leor daoine fásta ag dul leis an rang ar an turas.

16. Rannpháirtíocht an Phobail

- An bhfuil baill d'eagraíochtaí nó daoine aonair sa phobal a fhéadfadh tacú le curaclaim Tíreolaíochta na scoile??

■ Critéir Rathúlachta (*lena ndéanfar an polasaí a mheas*)

Conas a bheidh a fhios againn go bhfuil an plean curtha i bhfeidhm?

Ullmhúcháin mhúinteoirí bunaithe ar an bplean

An cleachtas atá leagtha amach sa phlean seo á leanúint go seasta

Eile????????????????????????????

Conas a bheidh a fhios againn go bhfuil aidhmeanna an phlean bainte amach? (Téigh i gcomhairle le hAidhmeanna)

I measc na slite atá ann chun torthaí an phlean a mheas, áirítear

Aiseolas múinteora/tuismitheora

Aiseolas na bpáistí

Tuarascáil/moltaí an chigire

Aiseolas dara-leibhéal

Eile

??

Ar chuir an plean na príomh-choincheapa/thréithe chun cinn agus an curaclam

Tíreolaíochta á chur i bhfeidhm?

Go ndéantar sainmhíniú ar an Tíreolaíocht mar fhorbairt tuisceana ar áit agus spás

Go mbaintear úsáid as tuairimí na bpáistí ar áir agus ar spás mar thús-phointe

Go bhfuil cothromaíocht ann sa tábhacht a leagtar ar eolas agus ar scileanna

Go mbaintear úsáid mar phríomh-áis na tíreolaíochta as an timpeallacht, agu tosú go háitiúil, ansin go réigiúnach, go náisiúnta, go hEorpach agus go domhanda

??

■ Feidhmiú

(a) Rólanna agus Freagrachtaí

Rinne Adrian Ó Dúill dreachtú ar an plean scoile le haghaidh Tíreolas. Tháinig an foireann le chéile agus bhí plé déanta ar an dréacht. Bhí athruithe déanta leis an bplean scoile ansin, agus bhí na hathruithe seo curtha isteach sa dhréacht nua. Bhí plé déanta ar an dréacht nua i gcrúinniú foirne, agus glactar leis an plean scoile tíreolaíochta ina dhiaidh sin.

Beidh monatóireacht déanta ar an bplean scoile go rialta.

(b) Clár Ama

Bhí an chéad dréacht plean scoile tíreolaíochta curtha ós conhair an foireann scoile ar _____.

Bhí an chéad dréacht plean scoile tíreolaíochta curtha ós conhair an bord bainistíochta ar _____.

Bhí an dara dréacht plean scoile tíreolaíochta curtha ós conhair an foireann scoile ar _____.

Glactar leis an bplean scoile tíreolaíochta ar an _____.

Déanfar monatóireacht ar an bplean go rialta.

■ Athbhreithniú

(a) Rólanna agus Freagrachtaí

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean seo ar bhonn rialta chun a chinntiú go gcuirtear an curaclam Tíreolaíochta i bhfeidhm.

(a) Rólanna agus Freagrachtaí

Luaigh iad siúd a bheidh bainteach leis an athbhreithniú

- *Múinteoirí*
- *Daltaí*
- *Tuismitheoirí*
- *Sealbhóirí Post /comhordaitheoir plean*
- *BB/ROE/Daoine eile.*

Tá sé tábhachtach go mbeadh freagracht ag duine amháin ar a laghad, más féidir, as an athbhreithniú a chomhordú.

??

(b) Creatlach Ama

??????????????????

■ Daingniú agus Cumarsáid

Daingniú an Bhoird Bhainistíochta.

Luaigh conas a scaipfear an plean seo agus cé dóibh a dtabharfar é.????????????????????

- Curaclam Bunscoile: Tíreolaíocht (1999)
- Curaclam Bunscoile. Your Child's Learning: Guidelines for Parents (*ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM/NCCA*)
- An Céard, Cén Fáth agus Conas d'fhoghlaim pháistí sa bhunscoil, CNCM (2006)

Suímh Idirlín Úsáideacha

An Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile	www.pcsp.ie
Tacaíocht Phleanála um Fhorbairt Scoile	www.sdps.ie
Cumann Múinteoirí Éireann	www.into.ie
An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta	www.ncca.ie

Suímh Idirlín Eile

Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile	www.pcsp.ie
Seirbhís Pleanála Forbartha Scoile	www.sdps.ie
An Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta	www.ncca.ie
ENFO	www.enfo.ie
TeachNet Ireland	www.teachnet.ie
Scoilnet	www.scoilnet.ie
Cumann Múinteoirí na hÉireann	www.into.ie